

Séideán Sí

Bandáil

Tá cur síos anseo ar na teidil leabhar atá sa chlár léitheoireachta Séideán Sí. Is clár é Séideán Sí a chuireann go mór le forbairt teanga agus Gaeilge nádúrtha na Gaeltachta in úsáid sna leabhair. Mar atá amhlaidh le Céim ar Chéim, is féidir na leabhair seo a úsáid i gceachtanna ar an léitheoireacht i gcomhpháirt le cur le forbairt teanga faoi stiúir an mhúinteora. Is féidir na leabhair a úsáid chomh maith i gceachtanna don léitheoireacht faoi threoir agus iad curtha i mbandaí léitheoireachta le tréithe ar leith léitheoireachta a dhéanamh de réir mar a léitear na bandaí.

Tá na teidil atá molta do na naíonáin i mbandaí léitheoireachta leagtha amach de réir datha na mbandaí thíos. Luaitear teidil a fhóireann do gach canúint agus ansin teidil nach bhfóireann do chanúint Uladh.

Ansin, tá cur síos ar thréithe an Bhandá agus na leabhair ina bhfuil na tréithe sin. Tá na leabhair eagraithe de réir fráasaí athráite agus focail ardmhnicíochta. Is iad na **focail radhairc** a bhíonn sna leabhair go minic iad na focail ardmhnicíochta. Ba chóir go mbeadh na focail seo ar eolas ag na páistí agus go léifeadh siad iad go líofa. Léiríonn na **focail fuaim** an t-eolas atá na páistí ar chóras scríofa na Gaeilge. I mbanda 1 tá béim ar fhocail ina seasann litir amháin d'fhuaim amháin agus do pháistí atá réidh, tá eolas ann ar fhocail ina bhfuil dhá litir a sheasann d'fhuaim amháin. I mbanda 2 téann siad siar ar eolas Bhandá 1 agus tá níos mó béime ar fhocail ina bhfuil dhá litir a sheasann d'fhuaim amháin. I mbanda 3 téann siad siar ar an eolas a bhí i mBanda 1 agus 2 agus tugtar focail dóibh ina bhfuil léirithe éagsúla d'fhuaim, agus focail ina bhfuil patrúin choitianta d'fhuaimneanna, ach le focail choitianta amháin. Tá **focail suime** ann. Is iad sin na focail atá soiléir sna pictiúir agus baineann siad sin le heolas ar an teanga agus tógáil foclóra. Léiríonn na focail suime an t-eolas léitheoireachta atá ag forbairt agus na páistí ag tógáil scileanna le dul i ngleic leis na focail seo.

Tá na moltaí do na Bandaí léitheoireacht bunaithe ar eolas in **Book Bands for Guided Reading**, Suzanne Baker, Shirley Bickler, Sue Bodman (2007). Ach, tá moltaí ar leith a bhaineann le léitheoireacht na Gaeilge ann atá ag teacht le haiseolas agus cleachtas ranga a rinneadh mar chuid den chlár luathléitheoireachta Cleite.

Tá Bandaí 1 go 3 anseo le leabhair a léiríonn tréithe na mBandaí sin i Séideán Sí liostáilte leo. Tá cur síos ann ar Bhandá 4 le ligean do mhúinteoirí pleanáil chun tosaigh agus na tréithe a leanann Banda 3 a thuiscint.

Moltar Fónaic na Gaeilge/Cód na Gaeilge agus Mar a Déarfá mar chláir oiriúnacha fónaice.

Teidil Shéideán Sí i mbandaí don léitheoireacht faoi threoir

BANDA 1	Fóireann do gach canúint Cad atá ort? (Naíonáin Bheaga) Tabhair Dom (Naíonáin Bheaga) Is Maith Liom (Naíonáin Bheaga) Féach ar Theidí (Naíonáin Bheaga) Teaghlach Liam (Naíonáin Mhóra) An Maith Leat? (Naíonáin Mhóra) Cé Leis...? (Naíonáin Mhóra) Cé atá ann? (Naíonáin Mhóra) Deir an Cat (Naíonáin Mhóra)	Ní fhóireann do chanúint Uladh Céard atá uait? (Naíonáin Bheaga) Ní féidir liom é a fháil (Naíonáin Bheaga) Céard atá agat? (Naíonáin Bheaga) Córais Taistil (Naíonáin Mhóra) Is Féidir Liom (Naíonáin Mhóra)
BANDA 2	Fóireann do gach canúint Tá an geimhreadh ann (Naíonáin Bheaga) Nach mise atá go deas (Naíonáin Bheaga) Daidí (Naíonáin Mhóra) Daideo (Naíonáin Mhóra) Mo Chuid Oibre (Naíonáin Mhóra) Éadaí (Naíonáin Mhóra) Na Trí Bhéar (Naíonáin Mhóra) Daideo ag Siopadóireacht (Naíonáin Mhóra) An Nollaig (Naíonáin Mhóra) Peata Áine (Naíonáin Mhóra) Na Trí Mhuicín (Naíonáin Mhóra)	
BANDA 3	Fóireann do gach canúint Am Lóin (Naíonáin Bheaga) Ar mhaith leat imirt liom? (Naíonáin Bheaga) Cáit sa Chistin (Naíonáin Mhóra) Sneachta (Naíonáin Mhóra) Cé hé mise? (Naíonáin Mhóra) Seomra Nua (Naíonáin Mhóra) Cé atá ag caint? (Naíonáin Mhóra) Stop an Bus (Naíonáin Mhóra) Eoin ar an Teilifís (Naíonáin Mhóra) Sciob Dána (Naíonáin Mhóra) Sona Sásta (Naíonáin Mhóra)	Ní fhóireann do chanúint Uladh Gug ag Siopadóireacht (Naíonáin Bheaga) Tá mise mór anois (Naíonáin Bheaga) Mo Thigh (Naíonáin Bheaga) Fliuch Báite (Naíonáin Mhóra) Mo Phictiúr (Naíonáin Mhóra) Sciob an Cat (Naíonáin Mhóra) Sciob Salach (Naíonáin Mhóra) Bróga Cháit (Naíonáin Mhóra) Ar Maidin (Naíonáin Mhóra) San Nioclás (Naíonáin Mhóra)

Banda 1 (Bándearg)

Abairt athráite ar gach leathanach, focal amháin ag athrú, agus é sa phictiúr, in amanna athrú struchtúr ar an leathanach deireanach.

- Teideal a aimsiú, leabhar a oscailt agus leathanaigh a thiontú mar is ceart
- Tuigeann go léitear ó chlé go deas
- Ciall, patrúin theanga athráite agus roinnt litreacha a úsáid le téacs simplí a léamh
- Focail labhartha a mheaitseáil le focail i bprionta (comhfhreagras aon le haon)
- Focail atá ar eolas a úsáid le léitheoireacht a sheiceáil
- Focail shimplí CGG a léamh ó chlé go deas agus focail ina léiríonn litir amháin fuaim amháin

Gnéithe an téacs:

- Teanga nádúrtha a leanann patrúin labhartha na bpáistí
- Téacs simplí, furasta a thuar, thart ar 35-100 focal, focail a bhaineann le rudaí agus gníomhaíochtaí aitheanta
- Abairt nó dhó le struchtúr athráite ina bhfuil, ar a laghad, dhá fhocal ardmhnicíochta, go minic le hathrú struchtúir ar an leathanach deireanach
- Léaráidí a thacaíonn leis an téacs
- Cló measartha mór agus spásanna soiléire idir na focail
- Téacs le poncaíocht san áit chéanna ar gach leathanach

Bíonn páistí réidh le bogadh go Banda 2 nuair atá comhfhreagras aon le haon go cinnte acu agus thig leo thart ar 15 fhocal ardmhnicíochta a scríobh go cruinn. Ba chóir go mbeadh siad ábalta eolas ar fhóinéimí agus ar ghraiféimí a úsáid le cuid de na focail sa téacs a léamh.

Seideán Sí, NB, Banda 1

Teideal	Líon focal	Frása athráite ar gach leathanach Focail ardmhínicíochta	Focail suime léirithe sa phictiúr	Focail fuaime	Gnéithe teanga
Gach canúint					
Cad é atá ort?	40	Cad é atá ort?	Ar gach lch x1 codladh lúcháir fearg eagla tuirse	ocras brón tart	Ceist agus freagra Bolgáin chainte
Tabhair dom	26	Tabhair dom ... mo an	Gach dara lch x1 críán teidí ceapaire uachtar reoite peann luaidhe	mo chóta mo mhála	mo + séimhiú
Is Maith Liom	42	Is maith liom ... an na	Ar gach lch x1/2 scoil nua buí réaltaí an bháisteach Daidí na Nollag tarracóir teilifís	mo bhróga <i>pizza</i>	mo + séimhiú
Féach ar Theidí	32	Tá sé ag ...	Ar gach lch x1 siúl rith gáire ithe titim léim	gol ól	Frása athráite
Ní fhóireann do Ghaeilge Uladh					
Cad atá uait?	19	Cad atá uait?	Gach dara lch x1 cóta báistí mo mhamaí muicín	cóta mo stoca	mo + séimhiú Bolgáin chainte Ceist/Freagra
Ní féidir liom é a fháil	57	Ní féidir liom ... a fháil	Ar gach lch x1 mo mhamaí mo pheann luaidhe mo shlipéir mo chaipín mo dhaidí liathróid	mo lón spúnóg	mo + séimhiú agus le (túslitir l/s) Struchtúr abairte
Céard atá agat?	18	Céard atá agat?	Ar gach lch x1 geansaí nua bosca lóin	bábóg bosca bronn tan as	Ceist agus freagra

Seideán Sí, NM, Banda 1

Teideal	Líon focal	Frása athráite ar gach leathanach Focail ardmhnicíochta	Focail suime léirithe sa phictiúr	Focail fuaime	Gnéithe teanga
Gach canúint					
Teaghlach Liam	17	Mise ...	Ar gach lch x1 Liam Eoin Daidí Mamáí Cáit Daideo	Mamó cé hé	Tú féin a chur in aithne Bolgáin chainte
An Maith leat?	32	An maith leat?	Ar gach lch x1 ubh subh milseáin prátaí brioscáin cácaí	Burgar <i>pizza</i>	Struchtúr ceiste, le freagairt ó bhéal
Cé leis...?	33	Cé leis ...? Is liomsa é. an seo feo ní	Ar gach lch x1 leabhar caipín	cóta stoca	Struchtúr ceist agus freagra Bolgáin chainte cé/é seo/feo
Cé atá ann?	33	Tá ... sa teach. Cé atá ann? an	Ar gach dara lch x1 Daidí teach ding/dang Mamáí Róisín Scríob Sciob Cáit	Lug Gug ú-ú-ú púca	Ceist agus freagra Bolgáin chainte Fuaimeanna – ú-ú, scríob, ding/dang
Deir an Cat	40	Deir an	Ar gach lch x2 luch scuic an t-éan coileach leon	cat madra twit mú-ú coc-a-dúdaldú	Fuaimeanna na n-ainmhithe An fhuaim bh , an bhó , bhabha

				grr-rr an bhó an mhuc mí- abha babha bhabha nguth	An fhuaim mh , an mhuc
Ní fhóireann do Ghaeilge Uladh					
Córais Taistil	41	Is féidir taisteal ar ... an	Ar gach lch x1 taisteal ar thraein ar ghluaisrothar eitleán	ar bhád ar bhus rothar i gcarr i mbara rotha	Abairt athráite ar + séimhiú i + urú
Is Féidir Liom	31	Is féidir liom ... ní	Ar gach lch x1 rith suí léim luí ithe tiomáint go fóill	ól go	Struchtúr dearfach agus diúltach Bolgáin chainte Poncanna a léiríonn abairt ar leanúint Comhartha uailbhreasa

Banda 2 (Dearg)

Abairtí athráite ar gach leathanach ach athrú beag ann. In amanna dhá struchtúr abairte sa leabhar. Focal nó dhá fhocal suime ar gach leathanach agus é/iad soiléir sa phictiúr.

- Teideal a aimsiú agus a rá
- Comhfhreagras aon le haon a dhaingniú i réimse de théacsanna
- Focail atá ar eolas a úsáid le léitheoireacht a sheiceáil
- Fóinéimí a nascadh ó chlé go deas i bhfocail shimplí, litir amháin fuaim amháin agus roinnt focail ina seasanna dhá litir d'fhuaim amháin i bhfocail choitianta, ciall agus comhréir a úsáid lena chinntiú go bhfuil ciall leis
- Tosú a léamh le rithim nó frásaí a úsáid agus smacht a choinneáil ar phrionta a leanúint ag an am céanna
- Focail, frásaí nó abairtí a athrá lena seiceáil, lena gcinntiú nó leis an léitheoireacht a athrú

Gnéithe an téacs:

- Téacs rud beag níos faide, furasta a thuar a bhaineann le rudaí agus gníomhaíochtaí aitheanta
- Roinnt abairtí/frásaí athráite ina bhfuil focail ardmhnicíochta agus focail shimplí a dtig le páistí iad a dhíchódú trí fhóinéimí a nascadh
- Abairtí gearra, soiléire a leanann patrúin chainte na bpáistí
- Léaráidí a thacaíonn leis an téacs
- Scéal simplí le sonrú (sna téacsanna ficsin)
- Téacs neamhficsin ina bhfuil éagsúlacht sa leagan amach
- Cló measartha mór le spásanna soiléire idir na focail agus réimse leathan de phoncaíocht

Bíonn páistí réidh le bogadh go Banda 3 nuair nach gá mórán airde a dhíriú ar chomhfhreagras aon le haon agus thig leo thart ar 30 focal ardmhnicíochta a léamh agus a scríobh go gasta agus go cruinn. Thig leo focail shimplí sa téacs nach bhfaca siad roimhe a fhuaimniú amach. Is féidir taifead reatha a thosú ón phointe seo ar aghaidh.

Seideán Sí, NB, Banda 2

Teideal	Líon focal	Frásaí athráite Focail ardmhínicíochta	Focail suime léirithe sa phictiúr	Focail fuaime	Gnéithe teanga
Gach canúint					
Tá an geimhreadh ann	33	Tá ... ar mo ... Tá ... orm an ann	Ar gach lch x2 lámhainní caipín mo cheann buitaisí geimhreadh	ó lámha mo chosa	mo + séimhiú Bolgáin chainte
Nach mise atá go deas!	60	4 struchtúr Chuir mé orm mo ... Nach mise atá go deas Bhain mé díom mo ... maith	Ar gach lch suas cailín buachaill	Go mo chóta chroch	Mo + séimhiú Bolgáin chainte Comhartha uailbhreasa

Séideán Sí NM, Banda 2

Teideal	Líon focal	Frásaí athráite Focail ardmhínicíochta	Focail suime léirithe sa phictiúr	Focail fuaime	Gnéithe teanga
Gach canúint					
Daidí	38	2 struchtúr Seo é Daidí. Tá mé féin agus Daidí ag ... cá bhfuil	Ar gach dara lch x1 snámh eitilt rith ina chodladh	ina	Ceist agus freagra Bolgáin chainte
Daideo	44	2 struchtúr Seo é Daideo. Tá mé féin agus Daideo ... sa ag	Ar gach lch x1 siúl ithe rith eitilt	imirt sa charr bocht	Úsáid comhartha uailbhreasa
Mo Chuid Oibre	41	2 struchtúr Is ... mé. Seo é mo ... í cá bhfuil mo	Ar gach lch x1 dochtúir gruagaire mo shiosúr feirmeoir mo tharracóir	mo mhála rang	mo + séimhiú mo + fh (le uaschamóg) é/i, ainmfhocail

			peileadóir liathróid ceoltóir m'fhidil múinteoir		fhir/bhain
Éadaí	34	... agus ...	Ar gach lch x2 geansaí stocaí scaif lámhainní caipín sciorta léine carbhat culaith reatha bróga reatha veist spéaclaí gréine culaith shnámha	bróga cóta blús ribín gúna bríste brístín	Baill éadaí Frásaí seachas abairtí (gan cheannlitreacha ná poncaíocht)
Na Trí Bhéar	37	2 struchtúr Mise ... Béar. 'Is liomsa an ... seo,' arsa ... Béar. sin	Ar gach lch x1 Daidí Mamaí Babaí an chathair babhla leaba Cinnín Óir	cé hí	Bolgáin chainte Comharthaí cainte Ceannlitir le hainm
Daideo ag Siopadóireacht	64	2 + struchtúr Cheannaigh sé ... Bhí sé breá sásta leis féin. ag ní raibh	Ar gach lch x1 Daideo siopadóireacht iasc eitleog	sásta hata banana fidil Mamó rothar	Bolgáin smaointe Abairt athráite Lipéid ar na siopaí sna pictiúir
An Nollaig	31	2 struchtúr + Cá bhfuil ... Tá sé ina chodladh ina codladh anseo agus	go sámh Liam Cáit Eoin tarracóir liathróid	bábóg	Ina chodladh/ ina codladh Bolgáin chainte Camóg le liosta Comhartha ceiste/uailbhreasa
Peata Áine	26	2 struchtúr + Cá bhfuil mo ... Níl sé anseo ansin atá tú	ach oiread	ná	Bolgáin chainte Ceist agus freagra

Na Trí Mhuicín	37	2 struchtúr + Is liomsa an teach ... Leag mé an teach ... Is mise ... níor	teach tuí teach adhmaid mac tíre splais	brící	Bolgáin chainte Leag/níor leag
-----------------------	----	--	--	-------	---------------------------------------

Banda 3 (Buí)

Roinnt leabhar le struchtúr athráite ach castachtaí eile ann. Struchtúr ag athrú. Scéal cinnte ó thús go deireadh. Teanga ag teacht níos mó le teanga labhartha.

- Leanann an prionta le súile, ag díriú méire ar fhocail dhúshlánacha amháin
- Níos mó airde dírithe ar phoncaíocht le tacú le pointí gramadaí agus rithim na teanga
- Foinsí eolais a úsáid níos gasta le léitheoireacht a sheiceáil
- Eolas ar roinnt mhaith focail radhairc agus iad a léamh go líofa
- Focail ina seasann litir amháin nó dhá litir d'fhuaim a léamh agus tosú a aithint léirithe éagsúla d'fhuaimeanna i bhfocail choitianta agus i gcodanna d'fhocail
- Fóinéimí agus patrúin d'fhuaimeanna a úsáid le focail nua a léamh, m.sh. nach/gach
- Eolas a chuardach sa téacs le tuar a dhéanamh, le seiceáil agus le focail nua a thriail
- Ceangail a aithint idir dhá théacs
- Tuar a dhéanamh le níos mó mionsonraí

Gnéithe an téacs:

- Roinnt athráite le frásaí, smaointe agus foclóir
- Struchtúr abairte ag athrú
- Scéal cinnte ann ina bhfuil imeachtaí agus amlíne
- Roinnt coinbhinsiún litearthachta agus struchtúr atá ag teacht le teanga labhartha
- Scéalta le himeachtaí ón tsamhlaíocht agus iad i bhfráma le taithí aitheanta
- Taithí phearsanta agus patrúin theanga aitheanta sna téacsanna neamhfhicsin
- Léaráidí a thacaíonn leis an téacs

Bíonn páistí réidh le bogadh go Banda 4 nuair a leantar an chuid is mó den téacs leis an tsúil agus díritear méar ar chorrhocail amháin nuair nach ndíritear méar ach ar chorrhocail. Thig leo focail nua a thriail trí chomhréir nó ciall na habairte nó trí eolas a úsáid ar struchtúr scríofa agus patrúin atá i gcoitinne le focail eile atá ar eolas. Is féidir taifead reatha a úsáid le caighdeán na léitheoireacht a mheas go cruinn.

Séideán Sí NB, Banda 3

Teideal	Líon focal	Frásaí athráite Focail ardmhnicíochta	Focail suime léirithe sa phictiúr	Focail fuaimne	Gnéithe teanga
Gach canúint					
Am Lóin	38	atá, ann, tá, sé, mé, agamsa, seo, duit, raibh, maith, agat, ag, anois	am lóin caithfidh a fháil aon fáilte ithé	am, in, mo, lón, bú, hú, go, Lug, Gug romhat	Bolgáin chainte Comhartha uaillbhreasa
Ar mhaith leat imirt liom?	53	tá, sé, ba mhaith, ar, leat, liom, is, mise, ag, tháinig,	am lóin Róisín troid a pháistí múinteoir le chéile	in, am, imirt, an cat, ní, tú, mé, ná, brón, bígí, mór, arís sa chlós Liam	Bolgáin chainte
Ní fhóireann do Ghaeilge Uladh					
Gug ag Siopadóireacht	36	seo, duit, cé mhéad, sin, raibh, maith, agat, leat	Dia duit Dia is Muire uait milseáin do thoil	cad, atá, más, é, do, é, go, slán	Comhrá, rólghlacadh
Tá mise mór anois	54	tá, ag, dul, ar, scoil, anois, arsa, maith, an, buachaill, isteach, léim, sin, é	inniu Eoin múinteoir	mise, mór libh, sa charr, amach, as an gcarr, Dónall Mamaí Liam	
Mo Thigh	33	4 struchtúr shimplí Féach air ... Nach deas é! Tá na ... Cé mhéad ... ann?	mo thigh buí fuinneog a haon	bán doras a dó a trí ach ann fallaí díon simléar	Mo + séimhiú Cuntas go 3 Poncanna a léiríonn abairt ar leanúint

Séideán Sí NM, Banda 3

Teideal	Líon focal	Frásaí athráite Focail ardmhínicíochta	Focail suime léirithe sa phictiúr	Focail fuaime	Gnéithe teanga
Gach canúint					
Cáit sa Chistin	45	tá, orm, arsa, caithfidh, mé, a fháil, chonaic, d'oscail, sí, é, sé, seo, deas, léi	seacláide	tart, sú, á, go, mmm, bosca, doras, banana ocras amach Cáit A Cháit oráiste	Bolgáin smaointe agus bolgáin chainte Comharthaí cainte
Sneachta	27	rith, is, maith, liom, an, rinne, agus, fear, ansin	Róisín sciob	óóó amach, ach, bhuf sneachta Liam	
Cé hé mise?	23	is, anois, tá, mo, mise	dubha buí lámhainní dearg chuid fear grinn	bróga hata bríste gorm orm bóbó ghlas grinn stocaí léine éadaí	Téacs le rím Frásaí le hainmfhocail agus aidiachtaí
Seomra Nua	61	tá, an, seo, arsa, nach bhfuil, an bhfuil, agamsa, a fháil, go raibh, maith, agat, agus, anois	go hálainn a mhúinteoir míreanna Nóirín breá	Lego a go sásta cinnte cead mearaí	Struchtúr ceist agus freagra Frásaí aitheanta ó bhéal Bolgáin chainte

				Liam seomra	
Cé atá ag caint?	39	bhí, an, ní raibh, an bhfaca, tú, mo, an bhfuil, tusa, ag, níl, agus,	ciúin scaif caint Róisín a mhúinteoir	Gug cé atá mar sin rang, ach nua	Struchtúr ceist agus freagra Frásaí aitheanta ó bhéal Bolgáin chainte
Stop an bus!	41	bhí, agus, sa, an bhfuil, do, agat, níl, agamsa, tá, do, Mamaí, duit, seo, raibh, maith, agat	Eoin aon	lón, bus, stop, sa bhus a mhála a Mhamaí Liam	Bolgáin chainte Séimhiú
Eoin ar an teilifís	41	Isteach, libh, anois, beidh, ar, an, cá bhfuil, sin, é, seo, duit, go raibh, maith agat, ba mhaith, liomsa, bheith, arsa	Eoin teilifís bhuaigh cluiche	yipí Liam	
Sciob Dána	37	bhí, ar, chonaic, sé, isteach, le Mamaí, leat, tháinig, tá, againn, seo, duit	Sciob bailigh Daidí abhaile	le, num, don, ocras, ispíní <i>pizza</i> dinnéar anuas	Scéal le habairtí agus le bolgáin chainte Comhartha uailbhreasa
Sona Sásta	36	is, mise, maith, liom, agus	ólaim caife breá deoch slisne	Lug, é, i, Gug, ní, <i>cáca</i> ach the rith tae lae	Téacs simplí le rím

Ní fhóireann do chanúint Uladh					
Fliuch Báite	38	tá, mé, cá bhfuil, ar, an, é, seo, duit, agus	fliuch d'fhág tuáille triomaigh breá	bríste tirim ach do chóta ar an mbus thú stocaí báite báistí féin léine péire	
Mo Phictiúr	46	rinne, mé, ar, seo, iad, na, agus	pictiúr scoil d'úsáid buí uisce ar an bhféar dubh dearg fuinneoga ar an ngrian	bán glas gorm inné dathanna bláthanna ballaí d'ion spéir oráiste liath	Téacs le rím Dathanna
Sciob agus an cat	37	chonaic, sé, an, isteach, sa teach, léim, suas, le, Daidí, leat	Sciob ina dhiaidh bailigh	cat ina rith ar an mbord	
Sciob salach	38	bhí, ní raibh, isteach, sa, leat, ní raibh, léim, sé, as, an, arsa, tá, tú, níl, anois	Sciob Róisín	sásta salach ach amach bhuf nigh báisín as an mbáisín	Bolgáin chainte Comharthaí uailbhreasa

Bróga Cháit	49	Mamaí, deas, na, iad, go raibh, maith, agat, suas, leis, arsa, siad	cheannaigh aer siopadóir	<p>ó, do, san, bróga, balún,</p> <p>nach thug mo bhalún do bhróga salach leis an mbalún</p> <p>a Mhamáí a Cháit do Cháit</p> <p>nua</p>	<p>Bolgáin chainte</p> <p>Comharthaí uailbhreasa</p> <p>Camóga mo/do+séimhiú</p>
Ar Maidin	45	é, ar, atá, deas, chuir, sé, ar ais, ba mhaith, liom, dul, anois, táim, arsa	Seán maidin a chloigeann droim geansaí scaif amháin	<p>go bríste nach amach a chosa lámh</p> <p>ghléas gléasta féin léine</p>	
San Nioclás	19	fear, beag, cad, atá, aige, cé, ann	dearg Nioclás	<p>lán sac san clóca mála</p> <p>ramhar bhán</p> <p>féasóg bréagán</p>	Téacs simplí le rím

Banda 4 (Gorm)

Réimse níos leithne de struchtúir abairtí. Abairtí athráite níos faide nó mar ‘churfá’. Suas le 8 líne téacs ar leathanaigh. Scéal cinnte ó thús go deireadh le himeachtaí. Teanga na litearthachta chomh maith le teanga labhartha.

- Gluaiseacht trí théacs, ag díriú airde ar chiall, ar phrionta agus ar struchtúr abairte go líofa
- Féincheartú ansin bogadh ar aghaidh go gasta
- Focail nua a léamh trí eolas i bprionta a úsáid agus trí thuiscint ar an téacs le focail a thriail
- Patrúin a aithint i bhfocail maidir le léirithe éagsúla d’fhuaimeanna, codanna i bhfocail a tharlaíonn go minic sa Ghaeilge a aithint, focail atá cosúil le focail eile agus focail bheaga i bhfocail mhóra a aithint
- Athléamh le frásaíocht a fheabhsú agus le ciall níos cinnte a léiriú
- Focail ilsiollacha a léamh trí amharc ar an dá chuid den fhocal agus iad a léamh i gceart
- Réimse níos leithne de sheánraí a láimhseáil
- Téacs a phlé ar dhóigh a léiríonn tuiscint

Gnéithe an téacs:

- Níos mó de réimse sna patrúin agus struchtúr na habairte
- Teanga na litearthachta measctha le teanga nádúrtha
- Abairtí athráite níos faide nó mar ‘churfá’
- Níos mó línte téacs, suas le 6-8 líne
- Níos mó imeachtaí sna scéalta
- Téarmaí teibí agus abairtí neamhphearsanta sna leabhair neamhfhicsin
- Tacaíonn na pictiúir leis an scéal seachas le ciall na bhfocal
- Focail a bhfuil cuma aitheanta orthu agus ar féidir iad a léamh trí chód-bhriseadh